



Innéacs Comhionannais Inscne 2022: Comhionannas inscne faoi bhagairt, grúpaí ar leith is mó atá thíos leis

In Innéacs Comhionannais Inscne 2022, a seoladh le déanaí, agus ina ndéantar staid an chomhionannais inscne san Aontas a thomhas, léirítear go bhfuil an dul chun cinn ag snagaireacht leis, gan ach méadú 0.6 pointe bainte amach ó seoladh eagrán na bliana seo caite. Mar thoradh air sin, is é 68.6 as 100 pointe an meánscór AE anois, arb ionann sin is ach 5.5 pointe níos airde ná mar a bhí sé in 2010.

Ós rud é go ndíríonn Innéacs Comhionannais Inscne 2022 den chéad uair ar shonraí ón gcéad bhliain den phaindéim, léiríonn na scóir comharthaí rabhaidh láidre le linn tréimhse éiginnteachta agus suaite leanúnaí.

“Is é an rud is práinní ná go bhfuil dul chun cinn bainte amach i mbliana agus laghduithe le feiceáil i roinnt réimsí den chéad uair ó bhí 2010 ann,” a deir Stiúrthóir EIGE Carlien Scheele.

“Ní mór grinnscrúdú práinneach a dhéanamh air sin, ós rud é go léiríonn ár dtorthaí gurb iad grúpaí daoine ar leith, ar gnách leo a bheith i staideanna níos leochailí le linn géarchéimeanna, is mó atá i mbaol i gcomhthéacsanna a bhfuil gnéithe follasacha inscneacha fós le brath iontu. Ní foláir dúinn ár n-aird a choinneáil ar an gcomhionannas inscne,” a deir sí.

Dúirt Helena Dalli, an Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas, *“Caithfidh ár dtiomantas don chomhionannas inscne a bheith diombháilte i gcónaí. I ndiaidh na paindéime, ionsaí na Rúise ar an Úcráin agus na géarchéime eacnamaíche a d’eascair as, ní mór d’institiúidí réigiúnacha agus do thíortha AE araon a bheith íogair i leith comhionannas inscne ina mbearta buiséadacha agus ina mbeartas i gcoitinne. Ná bíodh mná, ina n-éagsúlacht ar fad, thíos leis.*

Tá sé rithábhachtach go ndéanfar dul chun cinn maidir lenár dtograí reachtacha, chun cothromaíocht inscne ar bhoird chuideachta a fheabhsú, chun trédhearcacht pá a áirithiú, agus chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus leis an bhforéigean teaghlaigh. Iarraim ar na páirtithe leasmhara uile a gcion féin a dhéanamh ar son comhdheiseanna, sábháilteachta agus comhionannas do mhná agus d’fhir.”


Den chéad uair ó bunaíodh é, tá laghduithe ar na scóir san Innéacs Comhionannais Inscne taifeadta i roinnt mhaith de phríomhréimsí an Innéacs. Léiríonn laghdú ar an scór i réimse na rannpháirtíochta san obair go bhfuil sé ag éirí níos dóchúla go gcaithfidh mná níos lú blianta dá saol san fhostaíocht, rud a chuireann bac ar ionchais ghairme agus phinsin. Chomh maith leis sin, ghlac níos lú ban ná fir páirt i ngníomhaíochtaí oideachais fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil in 2020. Agus de réir mar a chruthaigh COVID-19 brú gan fasach ar earnáil na sláinte, tháinig laghdú ar chomhionannas inscne chun solais i stádas sláinte agus i rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte.

Dá mba rud é nach mbainfí amach dul chun cinn i réimse na cumhachta, bheadh laghdú foriomlán tagtha ar an scór san Innéacs. Is é is cúis le cuid mhór den dul chun cinn sin rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa chinnteoireacht eacnamaíoch agus pholaitiúil, rud atá nasctha, dá réir sin, le cuótaí reachtaíochta a thabhairt isteach i ndornán de Bhallstáit an Aontais. Cuireann sé sin i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhaontú polaitiúil ar ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2022 maidir leis an treoir chun cothromaíocht inscne ar bhoird chuideachta a fheabhsú.

Tá sé ríthábhachtach freisin tionchar na paindéime ar ghrúpaí daoine ar leith a aithint. Mar shampla, thuairiscigh mná agus fir níos sine, agus mná agus fir faoi mhíchumas, riachtanais ní b'airde nár comhlíonadh le haghaidh scrúduithe leighis le linn na paindéime. Ina theannta sin, bhí ar mhná óga aghaidh a thabhairt ar leibhéil níos airde difhostaíochta i ngeall ar dhrochiarmhairtí eacnamaíocha na paindéime, agus bhí baol ní ba mhó fós ann do mhná ó chúlra imirceach.

Léiríodh borradh faoi fhreagrachtaí foriomlána cúraim le linn na paindéime trí shuirbhé comhlántach ar líne inar díriodh ar ghnéithe criticiúla a bhaineann leis an am a chaitear ar shaoire cúramóirí gan phá. Mar sin féin, ní dhearnadh an méadú a dháileadh go cothrom idir mná agus fir, rud a chuir leis an neamhionannas inscne atá ann cheana. Tá sé sin fíor go háirithe maidir le cúram ard-déine leanaí ag a gcaitheann 40 % de mhná i gcomparáid le 21 % d'fhir 4 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae i rith na seachtaine. Tháinig méadú freisin ar an mbearna idir na hinscní in obair tí dhian-ama le linn na paindéime, agus 20 % de mhná i gcomparáid le 12 % d'fhir ag déanamh obair tí ar feadh 4 uair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae.

Níl an scéal ar fad maidir leis na scóir thíre soiléir go fóill, áfach. I measc na dtíortha is fearr tá an tSualainn, an Danmhairg agus an Ísiltír – cé nach bhfuil aon dul chun cinn á dhéanamh i dtreo comhionannas inscne sa tSualainn ná sa Danmhairg a thuilleadh. Idir an dá linn, is iad an Ghréig, an Ungáir agus an Rómáin is mó atá ag streachailt le comhionannas inscne a chur chun cinn. Mar fhocal níos dearfaí, ón eagrán deireanach i leith, fuarthas na méaduithe ba shuntasáí ar scóir an Innéacs sa Liotuáin, sa Bheilg, sa Chróit agus san Ísiltír.



Innéacs Comhionannais Inscne 2022

Sa chomhthéacs sin, tá Fóram Comhionannais Inscne dhá lá á eagrú ag EIGE den chéad uair, sa Bhruiséil agus ar líne. Is é an aidhm atá leis na saincheistanna is criticiúla a dhéanann difear don chomhionannas inscne san Aontas a chur i láthair i sraith díospóireachtaí painéil, i gceardlanna praiticiúla, agus i seisiúin roinnte taithe. Agus scata mór cinnteoirí polaitiúla ardleibhéil, cleachtóirí agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta ag teacht le chéile, sainaitheofar na gealltanais agus na

gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh chun #3StepsForward a ghlacadh, agus tá Fóram leantach beartaithe do 2024.

More information about the Gender Equality Index [here](#).

Media contact: Georgie Bradley: +370 6 982 7826 georgie.bradley@eige.europa.eu